Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5422/23**

**COSCE 2**
**COPS 31**
**CFSP/PESC 91**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5262/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais le haghaidh comhar le Comhairle na hEorpa in 2023-2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais le haghaidh comhar le Comhairle na hEorpa in 2023-2024, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3929ú cruinniú a bhí aici, an 30 Eanáir 2023.

**Tosaíochtaí an Aontais le haghaidh comhar le Comhairle na hEorpa in 2023-2024**

1. Tá cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cogadh neamhdhleathach gan chúis gan údar, lena bhfuiltear ag iarraidh ollstruchtúr slándála na hEorpa a athrú le lámh láidir, tá sé glan in éadan an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe agus bhunchloch an daonlathais a mhéid a bhaineann le hord polaitiúil, sóisialta agus eacnamaíoch na hEorpa. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Aontas Eorpach agus do Chomhairle na hEorpa dlús a chur leis an gcaidreamh eatarthu go cáilíochtúil agus go cainníochtúil araon.

2. Sa ré seo, agus dúshlán an iltaobhachais á thabhairt le hoirbhearta aontaobhacha agus le haistrithe cumhachta geopholaitiúla, tá buanna, saineolas agus inniúlachtaí a chéile dulta chun tairbhe don Aontas Eorpach agus do Chomhairle na hEorpa. Is tábhachtaí anois ná riamh an fód a sheasamh don iltaobhachas. Creideann an tAontas Eorpach go daingean gurb é an bealach is fearr chun an tsíocháin agus an tslándáil dhomhanda a chaomhnú, agus cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta san Eoraip a neartú, bonn fónta a chur faoin iltaobhachas agus é a fhothú ar rialacha comhchoiteanna. Sa chomhthéacs sin, beidh cur chun feidhme Theachtaireacht Chomhpháirteach 2021 maidir le rannchuidiú an Aontais Eorpaigh leis an iltaobhachas riailbhunaithe a neartú, mar threoir i gcónaí ag comhar an Aontais Eorpaigh le Comhairle na hEorpa, agus cuideoidh sé ag an am céanna le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.

3. Tá iarmhairtí tromchúiseacha ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar ollstruchtúr iltaobhach na hEorpa, lena n-áirítear an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus Comhairle na hEorpa, óir is sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta é agus bagairt ollmhór ar an tsíocháin agus ar an tslándáil dhomhanda. Tá sé ríthábhachtach, ag an bpointe seo, an aontacht a chaomhnú, tábhacht ár luachanna coitinne agus ár bprionsabail choitinne a athdhearbhú, agus treisiú le ról Chomhairle na hEorpa mar phointe tagartha chun cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a chaomhnú san Eoraip.

4. Tacaíonn an tAontas le tionól an Cheathrú Cruinniú Mullaigh de Cheannairí Stáit agus Rialtais Chomhairle na hEorpa, a bheidh ríthábhachtach ina leith sin. Mar a mhol Meitheal Mhachnaimh Ardleibhéil Chomhairle na hEorpa, beidh deis ag an gcruinniú mullaigh tiomnú an athuair, ar an leibhéal polaitiúil is airde, do luachanna bunaidh Chomhairle na hEorpa agus a ról sa staid nua gheopholaitiúil a shainiú. Is díol sásaimh don Aontas an tuarascáil ón Meitheal Mhachnaimh Ardleibhéil mar rannchuidiú tábhachtach, lena n-áirítear leis na hullmhúcháin don Chruinniú Mullaigh.

5. In 2009, le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, cuireadh cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta i gcroílár bheartais an Aontais Eorpaigh agus cruthaíodh níos mó deiseanna le haghaidh comhar le Comhairle na hEorpa. Tá comhpháirtíocht straitéiseach forbartha ag an dá eagraíocht, le blianta beaga anuas, atá bunaithe ar luachanna coiteanna agus ar thosaíochtaí comhroinnte. Is é an tAontas Eorpach príomh-chomhpháirtí institiúideach Chomhairle na hEorpa ó thaobh na polaitíochta, an airgeadais agus an dlí de, faoi mar a athdhearbhaíodh ag seisiún Aireachta Choiste na nAirí a tionóladh in Hamburg i mí na Bealtaine 2021.

6. Chun treisiú leis an daonlathas i stáit na hEorpa, tá sé thar a bheith tábhachtach go dtiocfaí le chéile chun an cúlú daonlathach a chur droim ar ais, chun an smacht reachta a chur chun cinn agus chun cearta an duine a chaomhnú, chun sláine na bpróiseas daonlathach a chosaint ar idirghabhálacha seachtracha agus ar an mbréagaisnéis, chun neamhspleáchas na mbreithiúna a chosaint, chun saoirse na meán agus sábháilteacht iriseoirí a áirithiú, agus chun éifeachtacht na n-institiúidí daonlathacha agus na cinnteoireachta a fheabhsú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht fhóinteach ghníomhaithe na sochaí sibhialta agus trí rannpháirtíocht mhéadaithe na saoránach. Leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, cleachtadh daonlathais rannpháirtíochta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh nach raibh a leithéid ann roimhe, bhíothas ag breathnú ar bhealaí nua a bhféadfadh na saoránaigh a bheith rannpháirteach i bpléití maidir le conas an tAontas a fhorbairt a thuilleadh i bhfianaise na bpríomhdhúshlán, agus cruthaíodh deiseanna le haghaidh comhar amach anseo le Comhairle na hEorpa — eadhon i gcomhthéacs an Fhóraim Dhomhanda um an Daonlathas agus Chomhdháil Eagraíochtaí Neamhrialtasacha Idirnáisiúnta Chomhairle na hEorpa — maidir lena cuid tograí a chur chun feidhme. Tá sé d’aidhm ag an Aontas agus ag Comhairle na hEorpa rannpháirtíocht na saoránach i ngnóthaí Eorpacha a fhorbairt a thuilleadh agus spásanna nua a chruthú le haghaidh díospóireachtaí i measc mhuintir na hEorpa.

7. Le glacadh chinneadh Choiste na nAirí an 16 Márta 2022, scoir Cónaidhm na Rúise de bheith ina comhalta de Chomhairle na hEorpa agus ní Ardpháirtí Conarthach a thuilleadh í sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR), a fhágann go bhfuil níos mó ná 140 milliún duine anois sa Rúis in uireasa na cosanta ar chearta an duine a chuirtear ar fáil leis an gCoinbhinsiún. Tá an tAontas Eorpach lántiomanta i gcónaí d'fheidhmiú éifeachtach chóras Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh Chomhairle na hEorpa arb é is aidhm dóibh treisiú luachanna na heagraíochta a fhorbairt, go háirithe na gníomhaíochtaí sin dá cuid a thacaíonn leis an Úcráin. Ba cheart do Chomhairle na hEorpa an comhar leis an mBealarúis a mhéadú freisin (lena n-áirítear leis an nGrúpa Teagmhála nuabhunaithe) agus le gníomhaithe fhreasúra daonlathach na Rúise agus gníomhaithe na sochaí sibhialta, leis na meáin neamhspleácha agus le cosantóirí chearta an duine, atá gníomhach ina dtír dhúchais agus níos faide anonn araon, agus trí dhíriú ar bhealach spriocdhírithe ar na gealltanais maidir le cearta an duine agus maidir leis an daonlathas arna ndéanamh ar ardáin iltaobhacha eile amhail an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip.

8. Cuireann an tAontas i dtreis a lárnaí is atá cearta an duine i ndlí an Aontais Eorpaigh mar a ráthaítear leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) agus mar a léiríonn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine agus cuireann sé i dtábhacht a thábhachtaí atá aontachas an Aontais le ECHR, a chuireann ar chumas an Aontais a bheith rannpháirteach go foirmiúil, mar Pháirtí Conarthach, in imeachtaí os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Sa chomhthéacs sin, tabharfaidh an tAontas aird níos mó ar obair Choiste na nAirí maidir le maoirseacht a dhéanamh ar fhorghníomhú bhreithiúnais na Cúirte.

9. Ina theannta sin, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí Chomhaontuithe Páirteacha agus shainchomhlachtaí Chomhairle na hEorpa, go háirithe an Coimisiún Eorpach maidir le Daonlathas tríd an Dlí (Coimisiún na Veinéise), an Grúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO), an Coiste Saineolaithe um mheastóireacht ar bhearta chun an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a chomhrac (MONEYVAL), an Grúpa Saineolaithe um ghníomhaíocht in aghaidh foréigean ar mhná agus foréigean baile (GREVIO), an Grúpa Saineolaithe um ghníomhaíocht in aghaidh gáinneáil ar dhaoine (GRETA), an Coimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais (CEPEJ), Grúpa Comhair Idirnáisiúnta Chomhairle na hEorpa um Dhrugaí agus Andúil (Grúpa Pompidou), an Coiste chun Céastóireacht a chosc (CPT), an Coiste um an Intleacht Shaorga (CAI), Coiste Lanzarote, an Coiste Eorpach ar Chearta Sóisialta, agus do shocrú caighdeán agus sásraí faireacháin eile maidir le cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta.

10. Is gné shuntasach den chobhsaíocht san Eoraip é an t-ionchas a bheith mar bhall den Aontas Eorpach, rud a dtreisíonn Comhairle na hEorpa leis i gcónaí. An 23 Meitheamh 2022, d’aithin an Chomhairle Eorpach peirspictíocht Eorpach na hÚcráine, Phoblacht na Moldóive agus na Seoirsia. Is san Aontas Eorpach a fheictear todhchaí na dtíortha sin agus a gcuid saoránach. Tugann sé sin ugach arís do thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta sna tíortha sin agus sa réigiún máguaird.

11. Aithníonn an tAontas an ról nach beag atá ag Comhairle na hEorpa maidir le tacú leis an ailíniú le Caighdeáin Eorpacha agus maidir le fothú acmhainneachta na bpríomhinstitiúidí a neartú le linn na bpróiseas athchóirithe sna Balcáin Thiar agus i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir. Leanfaidh an tAontas agus Comhairle na hEorpa de bheith ag obair le chéile chun cabhrú le tíortha is iarrthóirí agus le tíortha is iarrthóirí ionchasacha ar aontachas leis an Aontas dul chun cinn nithiúil a dhéanamh ina bpróiseas athchóirithe i gcoitinne chun critéir bhallraíochta an Aontais a chomhlíonadh. Leanfaidh ár gcláir chomhpháirteacha sna réigiúin um méadú agus sna réigiúin chomharsanachta de thacaíocht a thabhairt d’iarrachtaí athchóirithe i dtaca le cearta an duine, leis an daonlathas agus leis an smachta reachta.

12. Bhí beartas Chomhairle na hEorpa maidir le Comharsanacht an Deiscirt agus an Lárionad Eorpach um Idirspleáchas agus um Dhlúthpháirtíocht Dhomhanda ríthábhachtach chun an t-idirphlé agus an comhar idir an Tuaisceart agus an Deisceart a fheabhsú, chun an dlúthpháirtíocht a chothú agus chun cobhsaíocht agus slándáil dhaonlathach a chur chun cinn san Eoraip agus sna réigiúin máguaird araon. Sa lá atá inniu ann, ní teoranta do mhór-roinn na hEorpa atá tionchar Chomhairle na hEorpa, ós iomaí coinbhinsiún atá aici atá oscailte do shíniú domhanda agus raon domhanda ag roinnt dá sásraí. Leanfaidh an tAontas Eorpach d'aontachas na Stát sin nach stáit Eorpacha iad le coinbhinsiúin ábhartha Chomhairle na hEorpa a chur chun cinn, lena n-áirítear i réimse an chomhair dhlíthiúil idirnáisiúnta.

13. In 2021, b'fhiú EUR 207.4 milliún ina iomláine an comhar faoi Chlár Comhpháirteach AE-Comhairle na hEorpa, agus b'ionann fáltais bhliantúla na gclár sin agus 57 % d'acmhainní seachbhuiséadacha uile Chomhairle na hEorpa. Cuireadh tús le conair nua chomhair idir an tAontas Eorpach agus Comhairle na hEorpa in 2019 agus buiséad de níos mó ná EUR 17 milliún ag gabháil leis faoi Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, lena dtugtar tacaíocht do Bhallstáit an Aontais chun athchóirithe riaracháin agus struchtúracha lena gcothaítear fás a ullmhú agus a chur chun feidhme i réimsí lena n-áirítear cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta. Leanfar den sárchomhar seo, atá ag dul i méid le blianta beaga anuas, faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha atá i bhfeidhm ó 2021 agus a mhairfidh go 2027.

14. Sa tréimhse ó 2023 go 2024, leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le tacaíocht a thabhairt do Chomhairle na hEorpa athchóirithe athneartaithe, ar mhaithe le hinbhuanaitheacht airgeadais a áirithiú agus béim leanúnach a leagan ar an éifeachtúlacht. Déanfaidh sé a dhícheall feabhas a chur ar infheictheacht aidhmeanna agus ghníomhaíochtaí Chomhairle na hEorpa, agus na torthaí nithiúla a bhaintear amach trí chomhar AE-Comhairle na hEorpa, lena n-áirítear trí ráitis chomhpháirteacha a eisiúint níos minice agus trí imeachtaí ardleibhéil maidir le hábhair leasa choitinn a reáchtáil níos minice, agus déanfaidh sé a dhícheall an chumarsáid ina leith sin go léir a fheabhsú freisin. Chuideodh rannpháirtíocht níos láidre na sochaí shibhialta freisin leis an infheictheacht sin a fheabhsú.

15. Sa chéad 2 bhliain atá romhainn, déanfar tuilleadh forbartha ar an gcomhar idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa, a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, trí bhíthin thrí phríomhcholún na comhpháirtíochta, eadhon idirphlé polaitiúil, comhar dlíthiúil agus comhar sna cláir, ag díriú ar na tosaíochtaí seo a leanas i réimsí chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta, agus atá fite fuaite ina chéile agus a threisíonn a chéile. Féachfaidh an dá eagraíocht lena n-idirphlé polaitiúil a threisiú, lena n-áirítear trí theagmhálacha tráthrialta ar ardleibhéal polaitiúil, agus trí rannchuidiú le forbairtí normatacha a chéile agus forbairtí beartais a chéile sna réimsí seo a leanas:

**<u>CEARTA AN DUINE</u>**

16. Tacóidh an tAontas le Comhairle na hEorpa, leis an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine agus le córas an Choinbhinsiúin um Chearta an Duine mar na príomhionstraimí chun seasamh le cearta an duine san Eoraip. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil sé tiomanta d'aontú don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Leanfaidh an tAontas de bheith ag gníomhú i gcomhpháirtíocht le Comhairle na hEorpa le tosaíochtaí an Aontais maidir le cearta an duine a chur chun feidhme ina ghníomhaíochtaí seachtracha, faoi threoir Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2020-2024).

17. Tá sé ríthábhachtach pionós an bháis agus an chéastóireacht agus drochíde eile a dhíothú chun dínit an duine a áirithiú. Leanfaidh an tAontas agus Comhairle na hEorpa de bheith ag tacú, i gcomhar leis an tsochaí shibhialta agus le ENRanna, le tuilleadh díospóireacht phoiblí, gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus abhcóideachta maidir le pionós an bháis (lena ngabhann tionchar uafásach ar dhaoine aonair, teaghlaigh agus sochaithe), díothú na céastóireachta agus sásamh d'íospartaigh. Léiríonn an tAontas agus Comhairle na hEorpa a dtiomantas láidir maidir le pionós an bháis a dhíothú ar fud an domhain nuair a eisíonn siad an Dearbhú Comhpháirteach bliantúil i gcoinne phionós an bháis.

18. I gcomhar le Comhairle na hEorpa, leanfaidh an tAontas dá chuid oibre chun comhionannas inscne a chur chun cinn, lena n-áirítear cearta an duine a bheith á dteachtadh go hiomlán agus go cothrom ag mná chomh maith le mná a chumhachtú agus a rannpháirtiú i mBallstáit agus i gcaidreamh seachtrach an Aontais araon. Comhoibreoidh an tAontas freisin le Comhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac. Daingníodh 'Coinbhinsiún Iostanbúl' Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac agus tá sé á chur chun feidhme ag 21 Bhallstát de chuid an Aontais. Féachfaidh an tAontas agus Comhairle na hEorpa le sineirgí a shainaithint idir creataí dlíthiúla maidir le cearta na mban agus gealltanais pholaitiúla amhail an Clár Oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus féachfaidh siad ar ghníomhaíochtaí agus cláir chomhpháirteacha maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus comhionannas inscne, faoi threoir bheartas seachtrach an Aontais.

19. Leanfaidh an tAontas dá iarrachtaí comhpháirteacha i gcomhar le Comhairle na hEorpa lena ndírítear ar chosaint agus cur chun cinn chearta an linbh a chur chun tosaigh, mar a leagtar amach i Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh, sna conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis an Aontais um chearta an linbh, agus i Straitéis nua Chomhairle na hEorpa um Chearta an Linbh (2022-2027): '*Children's Rights in Action: from continuous implementation to joint innovation*'. Ba cheart comhar a áireamh leis sin chun rannpháirtíocht leanaí sa saol polaitiúil agus daonlathach a neartú, ceartas lena dtacaítear le leanaí a chothú, córais chomhtháite cosanta leanaí a chur chun cinn, leanaí a chosaint ar ábhar díobhálach nó neamhdhleathach ar líne, agus a áirithiú go n-oibreoidh na húdaráis agus na seirbhísí ábhartha uile le chéile chun an leanbh a chosaint agus tacú leis.

20. Is príomh-chomhpháirtí de chuid an Aontais Eorpaigh í Comhairle na hEorpa i gcomhrac na mí-úsáide gnéasaí leanaí, mar shampla tríd an 18 Samhain a mharcáil mar an Lá Eorpach um Chosaint Leanaí ar Theacht i dTír Gnéasach agus ar Mhí-úsáid Ghnéasach. Leanfaidh an tAontas dá chomhar a neartú leis na heintitis ábhartha uile laistigh de Chomhairle na hEorpa de réir mar a théann sé ar aghaidh le cur chun feidhme a Straitéise chun mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí, lena gcumhdaítear trí phríomhghné, is iad sin cosc, tacaíocht d'imscrúduithe, agus cúnamh d'íospartaigh. Is coir thrasteorann an mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus an teacht i dtír gnéasach ar leanaí. Chun freagairt fíordhomhanda a áirithiú, agus caighdeáin dhomhanda a ardú maidir le leanaí a chosaint ar na coireanna sin, leanfaidh an tAontas d'aontachas leis an gCoinbhinsiúin maidir le Leanaí a Chosaint ar Theacht i dTír Gnéasach agus ar Mhí-Úsáid Ghnéasach (Coinbhinsiún Lanzarote) agus de dhaingniú an Choinbhinsiúin sin a chur chun cinn agus a shaothrú.

21. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith i dteagmháil le Comhairle na hEorpa agus lena grúpa saineolaithe um ghníomhaíocht in aghaidh gáinneáil ar dhaoine (GRETA), i gcomhréir le Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025 agus le Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, d'fhonn feabhas a chur ar an gcosc agus ar an bhfreagairt ar an ngáinneáil ar dhaoine, feabhas a chur ar chosaint, tacaíocht agus cumhachtú íospartach, go háirithe mná agus leanaí, agus comhar réigiúnach a neartú maidir le gné idirnáisiúnta na coireachta sin.

22. Leanfaidh an tAontas Eorpach freisin de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí Chomhairle na hEorpa maidir le cearta daonna na n-imirceach agus na ndídeanaithe, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná agus ar dhaoine atá i staideanna leochaileacha amhail leanaí neamhthionlactha, daoine LGBTI, daoine faoi mhíchumas nó daoine a n-imrítear leatrom nó foréigean orthu. Tá an tAontas tiomanta do chearta an duine agus do choimircí nós imeachta i ndáil le gach imirceach agus iarrthóir tearmainn, go háirithe iad siúd atá ag teitheadh ó chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Is i bhfianaise air sin a tíolacadh na tograí faoin gComhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann agus na tograí a bhaineann leis na cásanna ina ndéantar imircigh a ionstraimiú chomh maith le gníomhachtú láithreach na Treorach um Chosaint Shealadach.

23. Cuirfidh an tAontas agus Comhairle na hEorpa feabhas ar mhalartuithe agus ar chumarsáid maidir le beartais agus tionscnaimh chun ciníochas agus frithsheimíteachas a chomhrac. Comhoibreoidh an tAontas go dlúth le ranna speisialaithe Chomhairle na hEorpa agus lena Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe i réimse an fhrith-idirdhealaithe, lena n-áirítear an frithsheimíteachas a chomhrac agus an saol Giúdach a chothú, i gcomhréir le Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus le saol na nGiúdach a chothú do 2021-2030 agus le conclúidí 2022 ón gComhairle maidir leis an gciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac.

24. Leanfar den chomhar idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa i réimse na saoirse reiligiúin nó creidimh, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad a reiligiún a léiriú trí chleachtais shonracha chultúrtha, thraidisiúnta agus reiligiúnacha nó trína gceart gan creideamh reiligiúnach a bheith acu, i gcomhréir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha.

25. Is minic a bhíonn daoine ar de mhionlaigh agus de ghrúpaí leochaileacha iad, lena n-áirítear daoine LGBTI, ar na daoine is mó a bhíonn thíos leis i gcás coinbhleachta agus éigeandálaí daonnúla. Tá sé léirithe arís ag an gcogadh foghach gan chúis gan údar atá á chur ag an Rúis ar an Úcráin gur gá níos mó a dhéanamh chun tacaíocht agus cosaint a chur ar fáil dóibh. Leanfaidh an tAontas de bheith ag comhoibriú le Comhairle na hEorpa chun an leatrom a dhéantar ar dhaoine LGBTI a chomhrac, agus déanfaidh sé a mhachnamh ar thionscnaimh chomhpháirteacha lena ndírítear ar thacú lena gcearta daonna.

26. Tá gníomhaíochtaí comhpháirteacha á mbeartú freisin chun cearta daoine ar de mhionlaigh eile iad a neartú, go háirithe iad siúd a bhfuil cúlra mionlaigh chiníoch nó eitnigh acu nó ar de phobal Romach nó den Lucht Siúil iad[1].

27. I gcomhréir leis na hairteagail ábhartha maidir le neamh-idirdhealú den Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine agus Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, oibreoidh an tAontas agus Comhairle na hEorpa le chéile d’fhonn urraim a chur chun cinn don éagsúlacht trí chearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn do dhaoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad i gcomhréir leis na noirm, leis na caighdeáin agus le moltaí Choimisiún na Veinéise is infheidhme ag Comhairle na hEorpa.

---

[1] C.f. Straitéis an Aontais um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025 agus Plean Gníomhaíochta an Aontais in aghaidh an chiníochais 2020-2025.

28. Tabharfar aird ar leith freisin ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha chun cur i gcoinne leathadh na fuathchainte agus na fuathchoireachta san Eoraip, ar líne agus as líne, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach 'Eoraip níos uilechuimsithí agus níos cosantaí: liosta choireanna an Aontais Eorpaigh a leathnú chun an fhuathchaint agus an choireacht fuatha a chur san áireamh ann', a glacadh i mí na Nollag 2021.

29. I gcomhthéacs na gceart eacnamaíoch agus sóisialta, oibreoidh an tAontas i gcomhar le Comhairle na hEorpa chun cearta an duine a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh i gcomhréir le Cairt Shóisialta na hEorpa agus le Cairt Shóisialta na hEorpa (athbhreithnithe) (ESC), lena leagtar béim ar chearta daoine scothaosta, ban, leanaí, daoine faoi mhíchumas agus oibrithe imirceacha. Díreofar ar an méid a leanas i bpríomhshnáitheanna an chomhair sa réimse sin: obair chuibhiúil a chur chun cinn do chách agus go háirithe beartas neamhfhulaingthe maidir le saothar leanaí a chur chun feidhme agus saothar éignithe a dhíothú; neamhionannais a shrianadh tríd an mbochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, rochtain uilíoch ar chosaint shóisialta agus rochtain neamh-idirdhealaitheach ar sheirbhísí sóisialta a chur chun cinn; an t-idirphlé sóisialta; an ceart chun dálaí oibre sábháilte agus sláintiúla do chách, saol oibre atá saor ó fhoréigean agus ó chiapadh chomh maith le bainistiú freagrach na slabhraí soláthair domhanda. Léirítear an comhar le Comhairle na hEorpa maidir le cearta sóisialta a chur chun cinn freisin ina rannpháirtíocht sna fóraim leathbhliantúla chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngealltanas a tugadh ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta an Aontais in Porto in 2021. Ina theannta sin, cuirfidh an tAontas chun cinn cur chun feidhme éifeachtach Chairt Shóisialta na hEorpa agus na bprótacal a ghabhann léi, agus leanfaidh sé go géar an próiseas athchóirithe leanúnach darb aidhm feabhas a chur ar chóras na Cairte sin.

30. Cuirfidh an tAontas Eorpach tuilleadh feabhais ar an gcomhar seanbhunaithe le grúpaí saineolaithe Chomhairle na hEorpa i réimse beartais maidir le fuil, fíocháin agus cealla, déanfaidh sé acmhainní a fhrithpháirtiú, agus cuirfidh sé cosaint níos fearr ar fáil do dheontóirí agus d'fhaighteoirí araon, i gcomhréir le cearta an duine agus le ceanglais eiticiúla na mBallstát, rud a áiritheoidh freagairt níos fearr ar riachtanais sláinte poiblí. Cuirfidh an comhar leis an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte leis an aidhm sin freisin.

31. Is ábhar ríthábhachtach eile é an t-aitheantas polaitiúil a thugtar don cheart chun comhshaoil ghlan shláintiúil inbhuanaithe mar cheart daonna, de réir mar a leagtar amach i Rún 48/13 ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus i Rún A/76/L.75 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe é, ábhar inar féidir leis an dá eagraíocht rannchuidiú go frithpháirteach le feasacht mhéadaithe agus le forbairtí normatacha féideartha nua. Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh an Moladh ó Choiste na nAirí maidir le cearta an duine agus cosaint an chomhshaoil; tacóidh sé le cur chun feidhme an mholta sin agus leis an obair a dhéanfar i gComhairle na hEorpa amach anseo air.

32. Déanfaidh an tAontas a dhícheall freisin cobhsaíocht fhadtéarmach institiúideach agus airgeadais an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bern), ar páirtí é an tAontas ann, a áirithiú, agus cuireann sé chun suntais a thábhachtaí atá sé aire a thabhairt go freagrach agus go hinbhuanaithe don dúlra, rud a rachaidh chun tairbhe freisin do dhea-bhail an chine dhaonna.

33. Leis an gcogadh foghach atá á chur ag an Rúis ar an Úcráin, cuirtear i bhfios go soiléir an ról ríthábhachtach atá ag meáin neamhspleácha inchreidte, go háirithe in aimsir na coinbhleachta, agus léirítear leochaileacht oibrithe na meán a thuairiscíonn ar an gcogadh agus i limistéir chogaidh. I gcomhar le Comhairle na hEorpa, leanfaidh an tAontas Eorpach d’aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le neamhspleáchas agus inmharthanacht na meán, dúshláin a dhéanann dochar don éagsúlacht agus a chuireann sábháilteacht iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin agus muinín an phobail as faisnéis i mbaol. Feabhsóidh an tAontas an chumarsáid le Comhairle na hEorpa chun cur leis an gcomhar maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse na meán, sábháilteacht iriseoirí agus comhrac na cúblála faisnéise, na bréagaisnéise ar líne agus as líne, agus cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail, agus chun rannchuidiú le comhordú níos éifeachtúla ar thionscnaimh idirnáisiúnta chun dúbailt a sheachaint. Molann an tAontas do Thoscaireachtaí an Aontais clárú leis na foláirimh dá dtír shonrach ar Ardán Chomhairle na hEorpa chun cosaint iriseoireachta agus sábháilteacht iriseoirí a chur chun cinn, chomh maith le rannpháirtíocht fhóinteach na sochaí sibhialta, cosaint chosantóirí chearta an duine agus saoirse comhlachais agus comhthionóil shíochánta a chur chun cinn.

34. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'obair na n-institiúidí náisiúnta um chearta an duine, do chosantóirí chearta an duine agus d'eagraíochtaí neamhspleácha na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí faoi stiúir ban agus eagraíochtaí atá faoi stiúir na hóige, agus comhoibreoidh sé chun a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach go héifeachtach agus go fóinteach i bpróisis Chomhairle na hEorpa. Tá an comhar le Comhairle na hEorpa tábhachtach freisin maidir le sásraí an Aontais amhail an Sásra um Chosantóirí Chearta an Duine.

35. I réimse chearta an duine agus na hintleachta saorga, leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair le Comhairle na hEorpa chun cur chuige freagrach atá fite fuaite i gcearta an duine i leith fhorbairt, dhearadh agus chur i bhfeidhm na hintleachta saorga a áirithiú. Faoi chuimsiú an Choiste um an Intleacht Shaorga, rannchuideoidh an tAontas le hionstraim idirdhisciplíneach atá ceangailteach ó thaobh dlí a fhorbairt maidir leis an intleacht shaorga, bunaithe ar chaighdeáin Chomhairle na hEorpa i ndáil le cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta, ionstraim a chuideoidh le nuálaíocht, agus déanfaidh an tAontas a sheacht ndícheall, ag an am céanna, comhsheasmhacht ionstraim Chomhairle na hEorpa le *acquis* an Aontais atá ann cheana agus leis an nGníomh um Intleacht Shaorga atá beartaithe a áirithiú, agus forbairtí le linn an phróisis reachtaigh á gcur san áireamh.

36. Sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, leanfaidh staid chearta an duine i limistéir coinbhleachta fada d'aird agus de thacaíocht iomlán an Aontais Eorpaigh a fháil.

**AN DAONLATHAS**

37. Déanann an tAontas a dhícheall an daonlathas a chosaint agus a neartú ar fud an domhain trí rannchuidiú le córais *dhaonlathacha níos athléimní* a *thógáil*. Mar a léirítear i Straitéis Dhomhanda an Aontais, is chun leas straitéiseach an Aontais atá sé an daonlathas a neartú lasmuigh den Aontas, ós rud é go rannchuidíonn sé le gnéithe lárnacha de Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais (an tsíocháin agus an tslándáil, an t-iltaobhachas, an fhorbairt, an imirce).

38. I gConclúidí 2019 ón gComhairle maidir leis an Daonlathas agus i bPlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh 2020-2024 maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, tugadh aird ar chomhthéacs dúshlánach atá ag dul in olcas i gcónaí don daonlathas ar fud an domhain. Oibreoidh an tAontas i gcomhar le Comhairle na hEorpa chun cur i gcoinne trasnaíocht ionramhálach, lena n-áirítear feachtais bhréagaisnéise agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann cheana don daonlathas trí thacú leis an litearthacht dhigiteach, leis an oideachas sibhialta agus le trédhearcacht agus cuimsitheacht na bpróiseas daonlathach a mhéadú.

39. Baineann an tAontas tairbhe shuntasach as saineolas Choimisiún na Veinéise, go háirithe a shaineolas maidir le caighdeáin bhunreachtúla agus dlí toghcháin a fheabhsú. Féachfaidh an tAontas lena chomhar le Coimisiún na Veinéise agus lena Rúnaíocht a neartú chun athchóirithe toghcháin a chothú, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar mholtaí Mhisin Breathnóireachta Toghcháin an Aontais.

40. I réimse an oideachais, leanfaidh an tAontas agus Comhairle na hEorpa dá gcomhar tairbheach trí roinnt tionscadail shuaitheanta rathúla, ag díriú ar an ngá atá le rochtain éifeachtach, chomhionann agus chuimsitheach ar oideachas príomhshrutha ar ardchaighdeán a áirithiú do chách, lena n-áirítear leanaí Romacha[2]. Cuireann riachtanais na leanaí Úcránacha atá tar éis tearmann a fháil i dtíortha an Aontais Eorpaigh le tábhacht an chomhair. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don Fhaireachlann um Theagasc na Staire san Eoraip tríd an tionscadal HISTOLAB, ag cur le tábhacht ról oideachas na staire i gcaomhnú an daonlathais san Eoraip chomh maith le braistint féiniúlachta agus saoránachta Eorpaí a chothú.

41. Leanfaidh an tAontas agus Comhairle na hEorpa de bheith ag obair i gcomhar le chéile chun Limistéar Eorpach Ardoideachais a fhorbairt a bheidh cuimsitheach, nuálach agus idirnasctha, go háirithe trí phrionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine a chur chun cinn.

---

2 I gcomhréir leis an gCreat Straitéiseach Eorpach Oideachais agus le Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Comhionannas, Cuimsiú agus Rannpháirtíocht na Romach.

42. I réimse an teagaisc teanga, is é is aidhm d’obair choiteann, amhail an comhaontú comhair atá ann faoi láthair leis an Lárionad Eorpach do Nuatheangacha de chuid Chomhairle na hEorpa, comhionannas agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn trí chur chuige coiteann Eorpach i leith foghlaim teangacha a shainiú. Tá sé d’aidhm aige freisin oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil d’fhoghlaimeoirí imirceacha – beidh inniúlachtaí teanga ardfhorbartha ina bpríomhinniúlachtaí idirdhisciplíneacha chun tacú leis an bhfoghlaim, an lánpháirtiú, an infhostaitheacht agus an gcomhtháthú sóisialta. Tá an t-oideachas ilteangach tábhachtach chun tacú leis an daonlathas agus le rannpháirtíocht chuimsitheach na saoránach uile, lena n-áirítear daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

43. Tá comhar seanbhunaithe iarmhartach ag an Aontas agus ag Comhairle na hEorpa i réimse na hóige. Cuireann Comhpháirtíocht Óige AE-Comhairle na hEorpa beartais rannpháirtíochta don óige chun cinn i réimsí éagsúla, lena n-áirítear tacaíocht don oideachas agus na huirlisí cearta a chur ar fáil do dhaoine óga i bhfianaise an aistrithe dhigitigh. In 2023, rannchuideoidh Comhpháirtíocht na hÓige le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022 agus lena cuspóirí a bhaint amach. Baineann sampla eile den chomhar sin le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh don Obair Óige, lena gcuirtear creat straitéiseach ar fáil chun forbairt na hoibre don óige a neartú agus a mhúnlú. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair le Comhairle na hEorpa chun daoine óga a chumhachtú, agus aitheantas á thabhairt don ról ríthábhachtach atá acu i gceapadh beartas. I lár 2023, cuirfidh an dá institiúid comhpháirtíochta tús leis an idirphlé chun plean oibre nua Chomhpháirtíocht Óige AE-Comhairle na hEorpa don tréimhse ó 2024 go dtí 2025 a dhréachtú. Déanfaidh an tAontas a mharana maidir le deiseanna do chomhar le Comhairle na hEorpa faoi chuimsiú Bhliain Scileanna 2023 an Aontais.

44. Is féidir leis an spórt a bheith ina uirlis luachmhar chun cearta an duine agus dea-bhail shaoránaigh na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe i ndiaidh na paindéime. Leanfaidh an tAontas dá chomhar cuiditheach le Comhairle na hEorpa maidir le roinnt ábhair leasa choitinn sa réimse sin, amhail an comhrac i gcoinne na fuathchainte sa spórt agus spórt sábháilte. Chuaigh an tAontas Eorpach i ndlúthchomhar le Comhairle na hEorpa maidir le glacadh an Choinbhinsiúin maidir le Cúbláil Comórtas Spóirt a chomhrac (Coinbhinsiún Macolin), tacaíonn sé lena chuspóir agus lena phrionsabail agus dearbhaíonn sé a thábhachtaí atá sé leanúint den chomhrac i gcoinne cúbláil comórtas spóirt. Leanann an tAontas freisin éabhlóid na hoibre a rinneadh faoi chuimsiú Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cur Chuige Comhtháite Sábháilteachta, Slándála, agus Seirbhíse ag Cluichí Sacair agus Imeachtaí Eile Spóirt (Coinbhinsiún St. Denis).

45. Is príomhghné é cearta cultúrtha a urramú chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair i gcomhar le Comhairle na hEorpa maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíonta a chur chun cinn, agus maidir leis an gcultúr agus an t-idirphlé idirchultúrtha a thuiscint mar bhunús le sochaí nua-aimseartha lena gcruthaítear na dálaí chun féiniúlachtaí sainiúla a léiriú, a chaomhnú agus a fhorbairt. Is luach bunriachtanach na ndaonlathas agus na sochaithe í an éagsúlacht chultúrtha atá bunaithe ar urraim agus ar chómhaireachtáil shíochánta. Ba cheart don Aontas agus do Chomhairle na hEorpa leanúint dá gcomhar chun dálaí a chruthú lena gcuirfear feabhas ar éagsúlacht chultúrtha, ar chruthaitheacht agus ar aitheantas cuí do chearta na n-údar agus na n-ealaíontóirí, agus luacháil earraí agus seirbhísí cultúrtha á gcur chun cinn acu.

46. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair i gcomhar le Comhairle na hEorpa agus Laethanta Eorpacha na hOidhreachta á n-eagrú, arb é is aidhm dóibh feasacht shaoránaigh na hEorpa ar a gcomhoidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a ardú agus iad a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh i gcoimirciú na hoidhreachta sin don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht. Ba cheart féachaint ar an gcomhar i gcosaint cháilíocht an tírdhreacha agus na héagsúlachta sa bheartas poiblí, go háirithe faoi fhorálacha Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Thírdhreach a bhaineann le comhar idirnáisiúnta agus reachtaíocht an Aontais agus tionscnaimh leanúnacha á gcur san áireamh. Tá sé ríthábhachtach an oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a chosaint, chomh maith le héagsúlacht teanga agus chultúrtha a chur chun cinn, chun an t-antoisceachas foréigneach a chosc, chun an bhréagaisnéis a chomhrac agus chun idirphlé dearfach agus cuimsiú a chruthú.

47. Admhaíonn an tAontas agus a Bhallstáit ról Chomhaontú Páirteach Méadaithe Chomhairle na hEorpa maidir le Bealaí Cultúrtha chun féiniúlacht agus saoránacht Eorpach a chur chun cinn trí eolas agus feasacht ar chomhoidhreacht na hEorpa, agus trí naisc chultúrtha agus idirphlé a fhorbairt laistigh den Eoraip agus le tíortha agus réigiúin eile. Leanfaidh siad de phoitéinseal Bhealaí Cultúrtha Chomhairle na hEorpa a chur chun cinn don chomhar cultúrtha, don fhorbairt chríochach inbhuanaithe, don chomhtháthú sóisialta agus d'aontacht na hEorpa.

**AN SMACHT REACHTA**

48. Tá saineolas agus ról tagarmharcála Chomhairle na hEorpa ríthábhachtach i gcomhthéacs phacáiste bliantúil an Aontais um méadú agus an tSásra Eorpaigh um an Smacht Reachta, lena n-áirítear na chéad eagráin eile den Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta agus Scórchlár Ceartais an Aontais Eorpaigh a ullmhú agus feabhas leanúnach a chur ar uirlisí an Aontais lena ndírítear ar an smacht reachta a chosaint. Beidh comhar le Coimisiún na Veinéise, GRECO, CEPEJ agus gach comhlacht ábhartha eile de chuid Chomhairle na hEorpa ina phríomhthosaíocht i gcónaí do na blianta atá le teacht.

49. Tiomantas an Aontais maidir le cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chothú, baineann sé freisin leis na tíortha is iarrthóirí agus na tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus le comharsanacht an Aontais, mar a leanfaidh an tAontas dá chomhar le Comhairle na hEorpa chun tacú le tíortha athchóirithe riachtanacha a dhéanamh agus oiliúint riachtanach a chur ar bun maidir leis an gceartas, le comhrac na héillitheachta, le cur chun cinn chearta an duine agus le ról na meán saor agus neamhspleách agus na sochaí sibhialta saor agus neamhspleách, agus – i ndáil le tíortha is iarrthóirí agus le tíortha is iarrthóirí ionchasacha – chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta sna réimsí sin, i gcomhréir, i gcás inarb iomchuí/ábhartha, leis an modheolaíocht neartaithe don phróiseas aontachais.

50. Leanfaidh an tAontas dá dhlúthchomhar le GRECO chun cur chun feidhme caighdeán a chur chun cinn chun comhrac an éillithe a neartú, agus le MONEYVAL maidir le comhrac an sciúrtha airgid. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair le Comhairle na hEorpa chun tacú leis na hiarrachtaí chun an smacht reachta a neartú agus chun an t-éilliú a chomhrac i limistéar an Mhéadaithe agus i limistéar Chomharsanacht an Aontais, cuirfidh sé leis na hacmhainneachtaí maidir le héilliú a chosc agus a chur faoi chois, maidir le sciúradh airgid a chomhrac agus maidir le freagairtí breithiúnacha éifeachtacha a áirithiú.

51. I gcomhréir le Straitéis Drugaí an Aontais 2021-2025 agus le Plean Gníomhaíochta 2021-2025 an Aontais maidir le Drugaí lena leagtar amach an creat polaitiúil agus na tosaíochtaí do bheartas drugaí an Aontais sna blianta amach romhainn, leanfaidh an tAontas dá dhlúthchomhar le Grúpa Comhair Idirnáisiúnta Chomhairle na hEorpa um Dhrugaí agus Andúil (Grúpa Pompidou) chun eolas, tacaíocht agus réitigh a chur ar fáil maidir le beartais éifeachtacha fhianaisebhunaithe drugaí, lena n-urramófar cearta an duine ina n-iomláine.

52. Is bagairtí tromchúiseacha ar chearta an duine, ar an daonlathas agus ar an smacht reachta iad an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach. Tá sé de rún daingean ag an Aontas oibriú i ndlúthchomhar le Comhairle na hEorpa chun feabhas a chur ar a fhreagairt ar an gceartas coiriúil i réimsí amhail an radacú a mbíonn an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach mar thoradh air, agus chun ciontóirí sceimhlitheoireachta a ath-lánpháirtiú agus a athshlánú. Tabharfar aird ar leith ar mhí-úsáid an idirlín ag antoiscigh agus ag sceimhlitheoirí, agus ar an radacú sna príosúin.

53. I réimse chomhrac na cibearchoireachta, leanfaidh an tAontas de bheith ag obair le Comhairle na hEorpa faoi chuimsiú Choinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht agus na bprótacal breise a ghabhann leis. Cuirfidh sé Coinbhinsiún Bhúdaipeist chun cinn mar chreat don chomhar idirnáisiúnta agus d’fhothú acmhainneachta.

54. I réimse na gáinneála ar earraí cultúrtha, oibreoidh an tAontas i gcomhar le Comhairle na hEorpa i ndáil le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cionta a bhaineann le Maoin Chultúrtha (Coinbhinsiún na Niocóise), agus aird á tabhairt freisin ar na prionsabail agus na hoibleagáidí a leagtar amach i gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta UNESCO 1970 maidir le Modhanna chun Allmhairiú, Onnmhairiú agus Aistriú Aindleathach Úinéireachta Maoine Cultúrtha a Thoirmeasc agus a Chosc. Cuirfidh an tAontas chun cinn an coinbhinsiún agus na haidhmeanna atá aige gáinneáil aindleathach agus scriosadh maoine cultúrtha a chosc agus a chomhrac, go háirithe i gcomhthéacs Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Gáinneáil ar Earraí Cultúrtha atá ar na bacáin.

55. Oibreoidh an tAontas i gcomhar le Comhairle na hEorpa mar thaca leis na Náisiúin Aontaithe agus le tionscnaimh iltaobhacha eile a bhaineann leis an smacht reachta.